Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15896/25**

**ENER 622**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Pacáiste um na hEangacha Eorpacha<br>- Díospóireacht bheartais |

In oirchill na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 15 Nollaig 2025, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an nóta cúlra ón uachtaránacht maidir leis an bPacáiste um na hEangacha Eorpacha[1].

---

[1] Tagraíonn sé sin don Phacáiste um na hEangacha Eorpacha atá ar na bacáin agus a mheastar a fhoilseoidh an Coimisiún Eorpach an 10 Nollaig 2025.

## An Pacáiste um na hEangacha Eorpacha

Na chéad chéimeanna eile i dtreo Aontas Fuinnimh atá níos dlúithe ná riamh

Agus éiginnteacht gheopholaitiúil leanúnach ann, iomaíocht dhomhanda atá ag dul i ndéine, agus tírdhreach fuinnimh atá ag athrú go tapa, tá brú méadaitheach ar eangacha fuinnimh na hEorpa a bheith níos comhordaithe, níos comhtháite agus níos forbartha ar bhealach níos éifeachtúla. Tá eangach athléimneach idirnasctha fíor-riachtanach chun leochaileacht i leith suaití seachtracha a laghdú trí shreabhadh meascáin fuinnimh éagsúil ar fud an Aontais a chumasú, trí sheoladh agus comhtháthú tapa acmhainneachta nua fuinnimh ghlain a éascú, agus trí thacú le praghsanna fuinnimh níos inacmhainne.

Mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil Draghi, tá infheistíochtaí in eangacha ríthábhachtach chun iomaíochas na hEorpa a chosaint. Meastar go mbeidh bearna infheistíochta EUR 1.2 trilliún san eangach Eorpach faoi 2040[2]. Meastar go nginfidh gach euro a infheistítear dhá oiread an mhéid sin i gcoigilteas costais córais do thomhaltóirí na hEorpa, rud a laghdóidh costais do theaghlaigh agus do ghnólachtaí araon ar deireadh.

**An chéad seisiún tuairimíochta maidir leis an bPacáiste um Eangacha Eorpacha**

Is é an chéad chéim thráthúil eile i dtreo an tAontas Fuinnimh a thabhairt chun críche é an Pacáiste um na hEangacha Eorpacha ón gCoimisiún a fógraíodh do mhí na Nollag 2025, agus meastar go leagfar amach ann na chéad chéimeanna eile chun córas fuinnimh Eorpach éifeachtúil, inacmhainne agus athléimneach a thógáil.

---

**2** An Coimisiún Eorpach, 2025: *Investment needs of European energy infrastructure to enable a decarbonised economy* [Riachtanais infheistíochta bhonneagar fuinnimh na hEorpa chun geilleagar dícharbónaithe a chumasú].

Ag tógáil ar thionscnamh an Choimisiúin 'Mórbhealaí Fuinnimh', a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen i Staid an Aontais 2025, agus bunaithe ar na príomhphléití maidir le forbairt bonneagair a tionóladh sna Grúpaí Ardleibhéil agus i dTascfhórsa an Aontais Fuinnimh le linn Chruinniú Neamhfhoirmiúil 2025 na nAirí Fuinnimh i gCóbanhávan, meastar go bhfreagróidh an Pacáiste um na hEangacha Eorpacha ar an ngéarghá atá le bonneagar fuinnimh níos láidre agus go dtabharfaidh sé aghaidh ar na bacainní a leanann de bhac a chur ar fhorbairt bhonneagar fuinnimh agus shuiteálacha fuinnimh ghlain na hEorpa. Bainfidh sé leas freisin as na Conclúidí ón Uachtaránacht maidir leis an Aontas Fuinnimh a neartú tríd an tslándáil fuinnimh a threisiú, a glacadh faoi Uachtaránacht na Polainne, chomh maith leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le bonneagar eangacha leictreachais inbhuanaithe a chur chun cinn, a glacadh faoi Uachtaránacht na Beilge.

Meastar go n-áireofar sa phacáiste bearta reachtacha agus neamhreachtacha araon chun dul i ngleic le scrogaill amhail nósanna imeachta ceadaithe d'eangacha, foinsí in-athnuaite fuinnimh, stáisiúin stórála agus athluchtaithe, breithnithe slándála, bonneagar trasteorann, próisis phleanála, agus dúshláin infheistíochta. Meastar go gcumhdófar leis freisin treisiú na n-eangach atá ann cheana, forbairt nasc nua trasteorann agus inmheánach, agus cur chun cinn réiteach digiteach agus nuálach chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an mbonneagar atá ann faoi láthair agus chun athléimneacht a fheabhsú. Tá na bearta sin ríthábhachtach chun na cinntí agus na hinfheistíochtaí is gá a threorú sna blianta amach romhainn — bíodh sin chun tacú le hiarrachtaí leictriúcháin an Aontais, éifeachtúlacht eangacha atá ag dul in aois a fheabhsú, maoiniú a éascú, nósanna imeachta rianúla agus trédhearcacha a áirithiú maidir le heangacha ar tír agus amach ón gcósta a thógáil amach, nó pleananna forbartha gréasáin náisiúnta agus Eorpacha a ailíniú ar bhealach níos fearr.

I bhfianaise an mhéid sin, iarrann Uachtaránacht na Danmhairge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar an gComhairle Fuinnimh páirt a ghlacadh sa chéad mhalartú tuairimí maidir leis na príomhthosaíochtaí, na príomhréimsí fócais agus na cuspóirí straitéiseacha, mar ullmhúchán don chaibidlíocht atá le teacht.

**Ceist le plé**

- Cad iad na príomhthosaíochtaí atá agaibh maidir leis an bPacáiste um na hEangacha Eorpacha a chur chun feidhme?